C/2024/4067

12.7.2024

Tuairim Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Soghluaisteacht Scileanna agus Tallainne

(COM(2023) 715 final)

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear linn tallainne an Aontais Eorpaigh

(COM(2023) 716 final — 2023/0404 (COD))

Togra le haghaidh moladh ón gComhairle 'An Eoraip ag Bogadh' – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách

(COM(2023) 719 final)

Moladh ón gCoimisiún maidir le cáilíochtaí náisiúnach tríú tír a aithint

(C(2023) 7700 final)

(C/2024/4067)

Rapóirtéir: **Tatjana BABRAUSKIENĖ**

Comhrapóirtéir: **Mariya MINCHEVA**

Comhairliúchán	Comhairle an Aontais Eorpaigh, 24.1.2024 An Coimisiún Eorpach, 21.12.2023
Bunús dlí	Airteagail 165, 166 agus 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	12.4.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	25.4.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	587
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	187/1/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Cuireann CESE i bhfáth gur dúshlán mór roimh oibríochtaí agus fás na gcuideachtaí iad an ganntanas lucht saothair agus an t-easnamh scileanna a bhfuil údair éagsúla leo, lena n-áirítear cúrsaí déimeagrafacha agus an dá aistriú. Is amhlaidh atá go háirithe sna réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste ([1]). Tá sé thar a bheith tábhachtach Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bheith **ina huirlis phraiticiúil iontaofa éasca le húsáid** atá **tarraingteach ó thaobh na n-oibrithe agus na bhfostóirí de** agus a thacaíonn le **himirce dhleathach chóir eiticiúil an lucht saothair** isteach san Aontas.

([1]) Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa: https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/harnessing-talents-eu-regions

1.2. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach agus na Ballstáit bearta éifeachta a dhéanamh chun an ganntanas lucht saothair a laghdú san Aontas i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus iarrann sé orthu freisin a áirithiú go dtacaíonn beartais ghníomhacha an mhargaidh saothair le poist ardcháilíochta agus leis an gcruthú fostaíochta san Aontas agus na poist sin a dhéanamh tarraingteach ó thaobh na n-oibrithe uile de, agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an nGanntanas Lucht Saothair agus an tEasnamh Scileanna á chur san áireamh. Ní mór plé a dhéanamh ar ghanntanais lucht saothair i ngairmeacha áirithe, agus ar shainaithint slite beatha a bhfuil ganntanas oibrithe iontu, leis na comhpháirtithe sóisialta earnála agus náisiúnta, agus ní mór scileanna agus meaitseáil post, pá cuibhiúil, dálaí oibre cuibhiúla agus folláine oibrithe, agus rochtain chomhionann ar an bhforbairt ghairmiúil a chur san áireamh mar phríomhthosca chun an ghairm lena mbaineann a dhéanamh níos tarraingtí.

1.3. Tugann CESE le fios gur ann cheana féin ar chríoch an Aontais do náisiúnaigh tríú tír atá sásta obair a dhéanamh san Aontas (iarratasóirí tearmainn, daoine nach bhfuil cead oibre acu, daoine a tháinig isteach san Aontas chun críoch athaontaithe teaghlaigh) ar grúpa iad nach mbaintear leas a dhóthain astu agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh agus freastal le déanamh ar riachtanais an mhargaidh saothair. Caithfear tacaíocht a thabhairt do na daoine sin lena lánpháirtiú i margadh an tsaothair a éascú.

1.4. Iarrann CESE ar na Ballstáit **timpeallacht fháiltiúil a áirithiú do na hoibrithe imirceacha agus na hoibrithe ar dídeanaithe iad sna Ballstáit uile** agus obair a dhéanamh i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun athrú a dhéanamh ar an dioscúrsa poiblí agus ar an dearcadh diúltach atá ann i leith na himirce dleathaí, arb iad an dream atá i bhfad amach ar an eite dheas is cúis leis den chuid is mó, chun deireadh a chur leis an meon naimhdeach i leith na himirce agus aitheantas a thabhairt don ról is féidir leis an imirce dhleathach a imirt agus aghaidh á tabhairt ar an nganntanas lucht saothair agus ar na héagothromaíochtaí réigiúnacha.

1.5. Molann CESE tionscnamh na Linne Tallainne a chur chun feidhme in éineacht le tionscnamh an Aontais maidir le Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa ([2]) d'fhonn imirce na ndaoine oilte a sheachaint – idir an imirce ó Bhallstát amháin go Ballstát eile agus an imirce ón Aontas féin – sna gairmeacha a bhfuil ganntanas oibrithe iontu. Is féidir leis an imirce chiorclach a bheith ina huirlis áisiúil i ndáil leis sin freisin.

Maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear linn tallainne an Aontais Eorpaigh

1.6. Ba mhian le CESE go gcuirfeadh an Linn Tallainne go héifeachtach agus go héifeachtúil leis na huirlisí agus na cleachtais Eorpacha agus náisiúnta atá ann cheana féin d'fhonn cuidiú le náisiúnaigh tríú tír obair ardcháilíochta a aimsiú san Aontas agus d'fhonn tacú leis na fostóirí in earcú na n-oibrithe sin. Ba cheart don Linn Tallainne a áirithiú go dtabharfar do na hoibrithe imirceacha agus do na fostóirí Eorpacha faisnéis faoi na dlíthe is gá a chomhlíonadh, mar aon le faisnéis faoi na cearta atá acu agus na freagrachtaí atá orthu, cuir i gcás na rialacha agus na torthaí a bhaineann leis an bpost a chailleadh tar éis achar gairid ama. Ba cheart don Choimisiún Eorpach a áirithiú, i gcomhar leis an Údarás Eorpach Saothair, go bhfuil na socruithe iomchuí i bhfeidhm chun faisnéis a sholáthar faoi na hábhair sin.

1.7. An toradh is ceart a bheith ar Linn Tallainne an Aontais, dar le CESE, obair ardcháilíochta a bhaint amach a thagann le scileanna agus inniúlachtaí na n-imirceach. Níor cheart caitheamh leis na hoibrithe sin mar sceach i mbéal bearna ar son gheilleagair an Aontais, ba cheart caitheamh leo ar an gcaoi chéanna a gcaitear le náisiúnaigh an Aontais agus na deiseanna céanna a thabhairt dóibh ó thaobh dul chun cinn gairmiúil de, mar aon le hoideachas agus oiliúint bhreise, má theastaíonn a leithéid uathu, de bhreis ar an deis a thabhairt dóibh leanúint de bheith ina gcónaí san Aontas.

1.8. Cuireann CESE in iúl gur gá faisnéis thrédhearcach iontaofa a chur ar fáil do na hoibrithe agus na fostóirí araon ar aon suíomh gréasáin Eorpaigh amháin faoi phoist a fháil i mBallstáit an Aontais agus na riachtanais lena mbaineann, lena n-áirítear aitheantas na gcáilíochtaí. An uirlis ghréasáin nua le haghaidh shoghluaisteacht an lucht saothair atá á forbairt ag an Údarás Eorpach Saothair, uirlis dhigiteach a bheidh ann a dhíreoidh ar fhoinsí faisnéise náisiúnta agus Eorpacha a thabhairt le chéile in aon áit amháin, lena n-áirítear foinsí an Choimisiúin Eorpaigh, ghníomhaireachtaí an Aontais, agus mar sin de. Níor cheart don algartam meaitseála sonraí pearsanta a chur san áireamh nach mbaineann leis an bpost, cuir i gcás ainmneacha, aois, inscne, náisiúntacht nó tír chónaithe. Caithfidh na cuideachtaí a bheith in ann brath ar thacaíocht ón Linn Tallainne agus náisiúnaigh tríú tír á n-earcú acu.

([2]) COM(2023) 32 final.

1.9. Cuireann CESE i bhfáth gur gá Linn Tallainne an Aontais a bhunú ar a ndearnadh san athbhreithniú ar **an Treoir maidir le Cead Aonair** ([3]) **agus an Treoir maidir le Cónaitheoirí Fadtéarmacha** ([4]), chun rochtain éifeachtúil thráthúil ar cheadanna oibre agus ceadanna cónaithe a áirithiú d'oibrithe imirceacha, agus chun caighdeáin saothair a fhorfheidhmiú san Aontas. Na Ballstáit a ghlacann páirt sa Linn Tallainne, moltar dóibh aird a thabhairt freisin ar na tograí arna gcomhaontú ar bhonn náisiúnta agus earnálach ag na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le cáilíochtaí tríú tír a aithint.

1.10. Cé gur díol sásaimh do CESE forálacha an rialacháin atá beartaithe, cuireann sé i bhfáth nach mór aird ar leith a thabhairt ar earnálacha atá íogair ó thaobh na calaoise de, earnálacha a bhfuil oibrithe imirceacha an-leochaileach iontu agus a bhfuil baol mór iontu go ndéanfaí dúshaothrú nó mí-úsáid ar an lucht saothair.

1.11. Creideann CESE gur cheart soiléiriú a dhéanamh ar ról na n-idirghabhálaithe agus na ngníomhaireachtaí, cás na fochonraitheoireachta san áireamh, ós rud é go mbaineann go leor fostóirí leas as seirbhísí a leithéidí ar an leibhéal náisiúnta i láthair na huaire.

1.12. Níor cheart don tionscnamh atá faoi chaibidil anseo cur leis an ualach riaracháin a bheidh ar na fostóirí a iarrann ar an bPointe Teagmhála Náisiúnta de chuid Linn Tallainne an Aontais sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe a bhfolúntais a aistriú chuig ardán Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart feidhm bhreiseáin shimplí a bheith ann chun folúntais a aistriú ó na seirbhísí fostaíochta poiblí naisiúnta go Linn Tallainne an Aontais. Ba cheart cuimhneamh freisin ar ról a thabhairt do na gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha.

1.13. An fhionraí ar a gcuirfear rochtain na bhfostóirí i gcás sárú tromchúiseach ar a gcuid oibleagáidí, ba cheart achar ama na fionraí sin a shocrú i gcomhréir leis an sárú lena mbaineann. Ba cheart cuimhneamh ar shrianta den chineál céanna do náisiúnaigh tríú tír a bhaineann mí-úsáid as an gceart dul a chónaí agus obair a dhéanamh go dleathach san Aontas.

1.13.1. Tá an-tábhacht ag baint leis an rialachas daonlathach má táthar chun a áirithiú gur ar son na n-oibrithe agus na bhfostóirí, agus faoina dtionchar, a cheaptar na beartais um imirce an lucht saothair agus na huirlisí a bhaineann leo. Is díol sásaimh do CESE go mbeidh sa ghrúpa stiúrtha um chur chun feidhme comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail de chuid na hEorpa. Na comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal tras-tionscail agus earnála, mar aon le heagraíochtaí ábhartha de chuid na sochaí sibhialta a bhíonn ag obair le himircigh agus dídeanaithe agus na geallsealbhóirí oideachais agus oiliúna, ba cheart don tionscnamh na Ballstáit a spreagadh chun páirt a thabhairt dóibh sa phlé agus sna cinntí ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe maidir le sainaithint na ngairmeacha a bhfuil ganntanas oibrithe iontu agus aiseolas tréimhsiúil a sholáthar faoin méid a mheasann siad d'fheidhmiú na Linne Tallainne.

Maidir leis an moladh ón gCoimisiún maidir le cáilíochtaí náisiúnach tríú tír a aithint

1.14. Cuireann CESE i bhfáth gur gá scileanna agus inniúlachtaí na n-oibrithe ó thríú tíortha a mheas agus a bhailíochtú gan mhoill lena chinntiú go bhfuil a gcuid scileanna deimhnithe agus go mbeidh siad in ann cáilíochtaí a fháil nuair is gá (i gcás gairmeacha rialáilte, mar shampla). Ba cheart na nósanna imeachta a dhíriú ar an ualach riaracháin a laghdú maidir leis an dualgas cruthúnais atá ar na hiarratasóirí, go háirithe i gcomhthéacs ina bhféadfadh sé gur fágadh doiciméid ina ndiaidh nó gur cailleadh iad le linn an turais imirce.

1.14.1. Is díol sásaimh do CESE go meabhraítear do na Ballstáit sa Teachtaireacht gur féidir an Treoir maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint a chur i bhfeidhm freisin maidir le cáilíochtaí náisiúnach tríú tír a aithint mar aon le cáilíochtaí a fuarthas laistigh den Aontas i gcás ganntanais lucht saothair i ngairmeacha áirithe ('gairmeacha rialáilte tosaíochta') arna sainiú ag na Ballstáit. Dóibh siúd ar mhian leo obair a dhéanamh i ngairm **rialáilte** i mBallstáit de chuid an Aontais, iarrann CESE tacú leo dul isteach sa ghairm sin trí bhíthin próisis bhailíochtaithe thapa thrédhearcacha nuair is gá. Ag an am céanna, ní féidir cáilíocht na bpost ná na seirbhísí a áirithiú mura gcomhlíontar na riachtanais cháilíochta agus scileanna. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go n-urramódh na fostaithe féideartha na riachtanais cháilíochta a iarrtar sna Ballstáit éagsúla le dul isteach i ngairmeacha rialáilte ar leith a bhfuil ganntanas iontu.

1.14.2. Cuireann CESE i bhfios go bhféadfaí an rochtain ar ghairmeacha a chuíchóiriú trí bhíthin creataí coiteanna oiliúna arna gcomhaontú i naoi dtír ar a laghad, rud a d'fhéadfadh cuidiú le haitheantas uathoibríoch na gcáilíochtaí i ngairmeacha rialáilte áirithe ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfadh sé sin cuidiú le náisiúnaigh tríú tír rochtain a fháil ar aitheantas ar bhealach a bheadh ní ba chomhleanúnaí ó Bhallstát go Ballstát.

([3]) COM(2022) 655 final.
([4]) COM(2022) 650 final.

1.15. Creideann CESE go bhfuil sé tábhachtach faisnéis iontaofa a chur ar fáil do na náisiúnaigh tríú tír faoi na cineálacha gníomhaireachtaí, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí a d'fhéadfadh cabhrú leo dul isteach i margadh an tsaothair agus post ardcháilíochta a bhaint amach.

1.16. Maidir le gairmithe a earcú ó thríú tír **nach ndéantar cáilíochtaí a rialú** iontu, cuireann CESE in iúl an ríthábhacht a bhaineann le ról na bhfostóirí agus na seirbhísí fostaíochta poiblí maidir leis an gcóir chomhionann a áirithiú agus anailís á déanamh ar ábharthacht taithí foghlama agus oibre an náisiúnaigh tríú tír maidir leis an bpost atá i gceist. Is féidir measúnú ar a gcuid scileanna agus an cur chuige 'tús áite do scileanna' a chur i bhfeidhm sa chás sin.

1.17. Iarrann CESE ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh bealach isteach cóir sna **gairmeacha rialáilte** ag na náisiúnaigh tríú tír trí thacaíocht iomchuí a thabhairt dóibh le linn thréimhse an aitheantais agus na hoiliúna. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil oiliúint ar fáil do gach náisiúnach tríú tír, ní hamháin dóibh siúd atá dírithe ar ghairmeacha rialáilte tosaíochta, mar is ceart sóisialta an oiliúint agus is ionann í agus bealach na fostaíochta ardcháilíochta, na forbartha gairme agus an lánpháirtithe shóisialta.

Maidir leis an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle dar teideal 'An Eoraip ag Bogadh' – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách

1.18. Dar le CESE, ba cheart gurbh é ab aidhm don tsoghluaiseacht foghlama san Aontas an muintearas Eorpach a fheabhsú. Is oth le CESE nach bhfuil staidéar, oiliúint nó printíseacht déanta i dtír eile den Aontas ach ag 15 % de shaoránaigh an Aontais agus cuireann sé i bhfáth gur cheart rochtain níos cothroime ar an tsoghluaisteacht a bheith ag na scoláirí agus na múinteoirí go léir, i ngach earnáil oideachais, agus go háirithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint.

1.19. Iarrann CESE ar na Ballstáit infheistíocht phoiblí sna scoileanna agus sna hinstitiúidí oideachais a áirithiú lena chinntiú go bhfuil sé ar a gcumas treoir agus comhairle ardcháilíochta iontaofa a chur ar fáil faoi na deiseanna soghluaisteachta foghlama a thacaíonn leis an bhforbairt gairme agus leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Ní mór teacht furasta a bheith air sin d'fhonn foghlaimeoirí a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar shoghluaisteacht foghlama i dtír eile den Aontas. Molann CESE do na Ballstáit a cheangal ar chomhordaitheoirí soghluaisteachta foghlama in institiúidí oideachais agus oiliúna idirphlé leanúnach a bhunú leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile.

1.19.1. Iarrann CESE ar na Ballstáit soghluaisteacht foghlama na múinteoirí a áirithiú trí fhadhb an ghanntanais múinteoirí agus na fadhbanna eile lena mbaineann a réiteach. Chun ardcháilíocht oideachais a áirithiú, caithfear an ghairm a dhéanamh níos tarraingtí, is é sin le rá, dálaí maithe oibre a bheith ann mar aon le tuarastail chóra, rochtain ar oideachas tosaigh ardcháilíochta, forbairt ghairmiúil leanúnach agus forbairt gairme.

1.19.2. Iarrann CESE ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil cistiúchán iomchuí ar fáil ar léiriú é ar an bhfíorchostas is gá don fhoghlaimeoir, don mhúinteoir, agus don traenálaí a íoc as páirt a ghlacadh i soghluaisteacht Erasmus, agus inaistritheacht na dtuarastal agus sochar eile, lena n-áirítear an pinsean, a áirithiú i gcás na bhfoghlaimeoirí fásta agus na múinteoirí a ghlacann páirt sa tsoghluaisteacht idirnáisiúnta trí bhíthin na forbartha gairmiúla leanúnaí. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach san fhaireachán a dhéanfar ar an méid sin agus sna cinntí chun na fadhbanna sin a réiteach.

1.20. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach ról na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus na ngeallsealbhóirí ábhartha a thabhairt ar ais i gCoiste Erasmus+, an coiste a leagann amach tosaíochtaí bliantúla Chlár Erasmus+. Iarrann CESE ar na Ballstáit a bpleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir leis an tionscnamh a fhorbairt i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha agus leis na comhpháirtithe sóisialta.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Sa phacáiste soghluaisteachta tallainne tá tionscnaimh bheartais éagsúla maidir le soghluaisteacht agus imirce chun críoch oideachais agus fostaíochta na ndaoine ar náisiúnaigh den Aontas iad agus nach náisiúnaigh den Aontas iad araon. Beidh tionchar ag an bpacáiste ar bheartais náisiúnta a théann i ngleic leis an imirce, an fhostaíocht, cáilíochtaí, agus an tsoghluaisteacht idirnáisiúnta san oideachas ós rud é go moltar réitigh fhéideartha ann ar an nganntanais lucht saothair agus an t-easnamh scileanna atá ann i láthair na huaire.

2.2. Laistigh de na tionscnaimh éagsúla sin, agus go háirithe díobh siúd a bhaineann leis an imirce ó thríú tíortha, ní mór cearta an duine a áireamh ina dtosaíocht agus tacaíocht a thabhairt dóibh trí bhíthin chóir chomhionann na n-oibrithe agus cuspóirí soiléire maidir leis an margadh saothair.

2.3. Baineann ganntanas lucht saothair le neart gairmeacha, gairmeacha rialáilte san áireamh, i dtíortha an Aontais. An nascadh atá déanta idir soghluaisteacht na 'tallainne' agus an tsoghluaisteacht ghairmiúil, tagann údair imní chun cinn dá dheasca maidir leis an gcaoi a seachnófar imirce na ndaoine oilte – ó Bhallstát go Ballstát agus ón Aontas féin – sna gairmeacha a bhfuil ganntanas lucht saothair iontu. I ndáil leis an méid sin, ba cheart go n-oibreodh an pacáiste i gcomhar le tionscnamh an Aontais um Leas a bhaint as Tallann.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. *Maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh*

3.1.1. Beidh Linn Tallainne an Aontais ar an gcéad **uirlis meaitseála deonaí** ar leibhéal an Aontais do Bhallstáit leasmhara, agus beidh sí oscailte dóibh siúd ar bheagán oiliúna, nó atá meánoilte nó ardoilte, agus atá ag cuardach poist. Ní bheidh cead ach ag fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit sin a gcuid folúntas a fhoilsiú. Tacóidh sé freisin le cur chun feidhme **na gComhpháirtíochtaí Tallainne** a seoladh **i gcomhar le Maracó, leis an Túinéis, leis an Éigipt, leis an bPacastáin agus leis an mBanglaidéis**. Ba cheart an fheidhm mheaitseála a struchtúrú ar bhealach trína moltar meaitseáil idir oibrithe agus fostóirí a chomhfhreagraíonn do scileanna agus do cháilíochtaí an oibrí agus do riachtanais an fhostóra.

3.1.2. Cé nach bhfeidhmíonn an Linn Tallainne mar bhealach sonrach isteach san Aontas maidir le ceadanna oibre agus ceadanna cónaithe a fháil, ba cheart comhairle agus tacaíocht a bheith ar fáil d'oibrithe a théann isteach sa Linn maidir le rochtain ar chúram sláinte, ar thithíocht, agus ar bhreisoideachas agus oiliúint sa Bhallstát óstach. Is den tábhacht freisin go n-áiritheofar leis an Linn Tallainne go gcuirfear faisnéis ar fáil d'oibrithe imirceacha agus d'fhostóirí maidir leis na dlíthe a bheidh le leanúint agus maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí. Ba cheart don Choimisiún Eorpach spreagadh a thabhairt maidir le comhchaighdeáin a ghlacadh ó thaobh soláthar faisnéise de.

3.1.3. Leis an dul chun cinn maidir le Linn Tallainne an Aontais, ba cheart forbairt a dhéanamh ar a bhfuil déanta san athbhreithniú ar **an Treoir um Chead Aonair agus an Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha**, chun rochtain éifeachtúil thráthúil ar cheadanna oibre agus ceadanna cónaithe a áirithiú d'oibrithe imirceacha, agus chun caighdeáin maidir le lucht saothair a fhorfheidhmiú san Aontas. Is ann cheana féin ar chríoch an Aontais do náisiúnaigh tríú tír atá sásta obair a dhéanamh san Aontas (iarratasóirí tearmainn, daoine nach bhfuil cead oibre acu, daoine a tháinig isteach san Aontas chun críoch athaontaithe teaghlaigh) ar grúpa iad nach mbaintear leas a dhóthain astu agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh agus freastal le déanamh ar riachtanais an mhargaidh saothair.

3.1.4. Ní mór uirlis iontaofa a mbeidh próifílí cothrom le dáta aici a dhéanamh den tionscnamh, é a bheith inrochtana i mBéarla ar a laghad d'fhostóirí agus d'oibrithe, agus ina uirlis tacaíochta chun oibrithe imirceacha a mheaitseáil le deiseanna fostaíochta san Aontas. Áirítear leis sin meaitseálacha cuí a mholadh i gcomhréir le scileanna agus cáilíochtaí an chuardaitheora poist i ndáil leis an bhfolúntas a fógraíodh. Dá bhrí sin, nuair a bheidh sé sin á dhéanamh, ní mór breis oibre a dhéanamh freisin maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus scileanna a fuarthas thar lear agus/nó i dtimpeallachtaí foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla.

3.1.5. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar earnálacha atá íogair ó thaobh calaoise de, áit a mbeadh oibrithe imirceacha an-leochaileach agus i mbaol mór dúshaothraithe ag an obair agus i mbaol mí-úsáide. Ní mór an Linn Tallainne a dhearadh chun caighdeáin earcaíochta chothroma agus eiticiúla a áirithiú. lena n-áirítear toirmisc ar chleachtais mhí-úsáideacha, táillí earcaíochta agus asbhaintí. Ba cheart ról na n-idirghabhálaithe agus na ngníomhaireachtaí, agus na fochonraitheoireachta, a shoiléiriú ós rud é go mbaineann go leor fostóirí leas as seirbhísí idirghabhálaithe agus gníomhaireachtaí ar an leibhéal náisiúnta faoi láthair.

3.1.6. Tá an-tábhacht ag baint leis an rialachas daonlathach má táthar chun a áirithiú gur ar son na n-oibrithe agus na bhfostóirí, agus faoina dtionchar, a cheaptar na beartais um imirce an lucht saothair agus na huirlisí a bhaineann leo. Sa ghrúpa stiúrtha um chur chun feidhme beidh comhpháirtithe sóisialta tras-tionscail de chuid na hEorpa. Ní mór do na Ballstáit páirt a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus na geallsealbhóirí ábhartha sa phlé agus i ndéanamh na gcinntí ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe maidir leis na gairmeacha a shainaithint a bhfuil ganntanas lucht saothair iontu agus maidir le haiseolas tréimhsiúil a sholáthar faoin méid a mheasann siad d'fheidhmiú na Linne Tallainne.

3.1.7. Tá cur chun feidhme na Linne Tallainne agus na gComhpháirtíochtaí Tallainne ag brath freisin ar chomhaontuithe déthaobhacha maidir le himirce an lucht saothair agus ar chomhpháirtíochtaí le tríú tíortha ar bealach iad le himirce an lucht saothair a rialú. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór do na comhpháirtíochtaí sin cosaint agus cearta na n-oibrithe imirceacha a thagann chuig an Aontas a áirithiú, agus nach mór dóibh ról na bhfostóirí a shainiú, de réir treoracha ón Aontas maidir le himirce lucht saothair.

3.1.8. Níor cheart don tionscnamh atá faoi chaibidil anseo cur leis an ualach riaracháin a bheidh ar na fostóirí a iarrann ar an bPointe Teagmhála Náisiúnta de chuid Linn Tallainne an Aontais sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe a bhfolúntais a aistriú chuig ardán Linn Tallainne an Aontais.

3.1.9. Ba cheart don Linn Tallainne agus na Comhpháirtíochtaí Tallainne araon aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le trédhearcacht, faisnéis a chur ar fáil maidir le reachtaíocht AE atá ann cheana, lena gcumhdaítear freagrachtaí maidir leis na cearta sóisialta, costais taistil agus cóiríocht ardcháilíochta a chur ar fáil, cearta lucht saothair agus ceardchumann, sásraí gearán agus sásaimh, agus uirlisí aistriúcháin a ionchorprú, más féidir, chun faisnéis a chur ar fáil d'oibrithe ina dteanga féin faoin bpost lena mbaineann agus faoin tacaíocht a bheidh ar fáil ó na comhpháirtithe sóisialta agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

3.1.10. An fhionraí ar a gcuirfear rochtain an fhostóra ar Linn Tallainne an Aontais i gcás sárú ar a gcuid oibleagáidí de réir an dlí saothair nó shóisialta, ba cheart di sin a bheith i gcomhréir leis an sárú agus teorainn ama a bheith leis. Chun cleachtais neamhdhleathacha a sheachaint, ba cheart smachtbhannaí comhchosúla a bheartú i gcás Náisiúnaigh Tríú Tir ar cuireadh a gceadanna ar ceal mar gheall ar shárú ar cheanglais iontrála.

3.1.11. De réir an togra ón gCoimisiún, is féidir liosta na slite beatha a bhfuil ganntanas oibrithe iontu in Iarscríbhinn 1 a leasú i gcás ina n-iarrfaidh líon suntasach Ballstát amhlaidh. Chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint maidir le slí bheatha ina bhfuil ganntanas oibrithe, d'fhéadfadh an Coimisiún an liosta a leasú, i.e. i gcás ina n-iarrfaidh dhá Bhallstát amhlaidh.

3.2. *An Moladh ón gCoimisiún maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnach tríú tír*

3.2.1. Is díol sásaimh do CESE go moltar réitigh fhéideartha sa mholadh chun cabhrú le náisiúnaigh tríú tír rochtain a fháil ar fhostaíocht trí scileanna agus inniúlachtaí a bhailíochtú agus trí aitheantas a thabhairt dá gcáilíochtaí, ar bacainní praiticiúla iad a mbíonn ar oibrithe imirceacha aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis na nósanna imeachta an dualgas cruthúnais riaracháin d'iarratasóirí a laghdú, go háirithe i gcomhthéacs ina bhféadfadh sé gur fágadh doiciméid ina ndiaidh nó gur cailleadh iad le linn an turais imirce.

3.2.2. Beidh ríthábhacht le cóir chothrom le linn an phróisis earcaíochta. Maidir le gairmithe a earcú ó thríú tíortha **nach ndéantar cáilíochtaí a rialú** iontu, beidh ríthábhacht le ról na bhfostóirí agus na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta chun cóir chomhionann a áirithiú le linn anailís a dhéanamh ar cé acu atá taithí foghlama agus oibre an náisiúnaigh tríú tír ábhartha don phost nó nach bhfuil. Is féidir measúnú ar a gcuid scileanna agus an cur chuige 'tús áite do scileanna' a chur i bhfeidhm sa chás sin. San am céanna, is díol sásaimh do CESE go bhfuiltear ag tathant ar na Ballstáit sa mholadh machnamh a dhéanamh ar cé acu a dhéantar tástálacha ar an margadh saothair nó nach ndéantar agus ar an gcaoi a ndéantar iad, d'fhonn iad a dhéanamh chomh héifeachtúil agus is féidir trí mheán shásraí an idirphlé shóisialta freisin.

3.2.3. I gcás **gairmeacha rialáilte tosaíochta**, bíonn sé ríthábhachtach do riachtanais mhargadh an tsaothair go ndéanfar measúnú cothrom agus tapa ar cháilíochtaí agus go dtabharfar aitheantas tapa dóibh. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú maidir le náisiúnaigh tríú tír ar mian leo gairm rialáilte tosaíochta a bheith acu go mbeidh tacaíocht iomchuí ann dóibh le linn na tréimhse aitheantais agus oiliúna agus go mbeidh cosc ar chonarthaí sealadacha, stádas níos ísle agus tuarastal níos ísle. Ba cheart oiliúint a bheith ar fáil do gach náisiúnach tríú tír, seachas dóibh siúd amháin arb é is aidhm dóibh gairm rialáilte tosaíochta a bhaint amach.

3.2.4. Tá sé ríthábhachtach go mbeifí níos fearr i mbun faisnéis a mhalartú maidir le cáilíochtaí sna gairmeacha rialáilte i measc thíortha an Aontais agus thíortha neamhAE, e.g. trí chumarsáid i measc aireachtaí agus leis na comhpháirtithe sóisialta. Is díol sásaimh do CESE an spreagadh a tugadh do na Ballstáit chun comhar a bhunú le tíortha nach cuid den Aontas iad d'fhonn cáilíochtaí agus ceanglais tríú tíortha a thuiscint agus bunachair sonraí inchomparáide a fhorbairt. Tugann CESE le fios go bhfuil ríthábhacht leis an méid sin, go háirithe maidir le gairmeacha rialáilte, agus gur cheart an obair ar an mbunachar sonraí a stiúradh trí chomhar i measc grúpaí aireachtaí, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí i nGrúpa Comhairleach an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí, i gcomhairle leis an gCoiste maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint.

3.2.5. Teastaíonn simpliú agus trédhearcacht chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí, rud atá ríthábhachtach má táthar chun an t-aighneas a laghdú i margadh saothair an Aontais. Ní hamháin go bhféadfadh ídiú ama agus strus a bheith i gceist d'iarratasóirí leis an bpróiseas iarratais in Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), ach bíonn costais i gceist freisin maidir le hiarratais a chur isteach agus riachtanais scileanna a chomhlíonadh trí oiliúint, cé nach mbíonn aon ghealltanas ann maidir le cúiteamh tuarastail ná sochair dhífhostaíochta le linn na tréimhse sin. Is díol sásaimh do CESE na céimeanna chun cóir chomhionann a áirithiú d'oibrithe trína iarraidh ar na Ballstáit a chinntiú gurb ionann an costas a ghearrtar ar náisiúnaigh neamh-AE ([6]) as iarratas a dhéanamh ar aitheantas cáilíochtaí agus an costas a ghearrtar ar náisiúnaigh de chuid an Aontais. Ag an am céanna, ba cheart náisiúnaigh tríú tír is iarrthóirí a chur ar an eolas faoin gcaoi ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais agus riaracháin sa tír óstach. Má tá leibhéal níos airde cáilíochtaí agus scileanna ag iarratasóir ná mar a cheanglaítear chun rochtain a fháil ar ghairm rialáilte a thíre baile, ba cheart tacaíocht ar mhaithe le fostaíocht chóir a thabhairt don oibrí, i gcomhréir le leibhéal a chuid scileanna agus cáilíochtaí.

3.3. *Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle dar teideal 'An Eoraip ag Bogadh' – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách*

3.3.1. Is díol sásaimh do CESE an fhéidearthacht níos leithne a bheith rannpháirteach san eispéireas soghluaisteachta foghlama a fhaigheann tacaíocht ón gClár Erasmus. Tagraíonn CESE don phointe a rinneadh sa tuairim uaidh maidir le 'Oideachas faoin Aontas Eorpach' ([7]) go mbraitheann beogacht an Aontais go mór ar fhéiniúlacht láidir Eorpach agus ar shaoránaigh a bhraitheann gur cuid den Aontas Eorpach iad; mhol sé buiséad Erasmus+ a mhéadú chun muintearas Eorpach a chothú trí shoghluaisteacht foghlama a áirithiú do chách, go háirithe i measc daoine ó chúlraí socheacnamaíocha éagsúla. Iarradh maidir le gach tionscadal Erasmus amach anseo go leagfar béim ar an bhfoghlaim faoin Aontas, go ndéanfar féiniúlacht AE a fhorbairt agus go dtabharfar tacaíocht don fhoghlaim idirghlúine faoin Aontas, agus d'fhoghlaim teangacha, agus go mbeidh idirphlé sibhialta ann do na haoisghrúpaí go léir, lena n-áirítear daoine fásta.

3.3.2. Is díol sásaimh do CESE na tagarmharcanna earnála nua maidir le rannpháirtíocht sa tsoghluaisteacht foghlama. Mar sin féin, tá easpa cistiú gaolmhar ann chun na spriocanna nua a bhaint amach. Rinneadh cuid de na spriocanna níos uaillmhianaí a mhaolú freisin maidir leis an gcaoi ar sainmhíníodh iad (mar shampla: méadaíodh sprioc an ardoideachais, ach is féidir aitheantas a thabhairt don tsoghluaisteacht fiú mura mbíonn ach trí ECT (Aistrithe Creidmheasa Eorpacha) i gceist léi, seachas 15 ECT, mar a bhíodh ann roimhe seo). Ag an am céanna, d'fhéadfaí tagarmharcanna a bhunú le haghaidh soghluaisteacht foghlama foghlaimeoirí fásta freisin chun go bhféadfaidís a bheith rannpháirteach i bhforbairt ghairmiúil leanúnach aitheanta i dtír eile de chuid an Aontais. Is díol sásaimh do CESE na céimeanna lena mbunófar tionscnóirí soghluaisteachta foghlama amhail comhordaitheoirí, pointí teagmhála, ambasadóirí agus ionaid faisnéise maidir le soghluaisteacht foghlama a bheidh tiomnaithe don tsoghluaisteacht foghlama.

3.3.3. Tugann CESE dá aire go bhfuil ríthábhacht le rialachas daonlathach maidir leis an tsoghluaisteacht foghlama laistigh den Aontas chun cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach. Is díol sásaimh do CESE go mbeartaítear 'comhar struchtúrach le geallsealbhóirí i réimse na soghluaisteachta foghlama i bhfianaise chur chun feidhme an Mholta seo' agus tugann sé le fios maidir le soghluaisteacht foghlama a chur chun feidhme go mbeadh ar institiúidí oideachais comhoibriú le líonraí a bhfuil saineolas agus taithí acu ar an tsoghluaisteacht foghlama.

3.3.4. Is díol sásaimh do CESE go ndéantar iarracht sa tionscnamh an tsoghluaisteacht foghlama a leathnú do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí. Is iomaí bacainn atá ann ar thacaíocht do shoghluaisteacht foghlama na múinteoirí, eadhon ganntanas tréimhsí soghluaisteachta comhtháite i gcuraclaim, struchtúir éagsúla na scoilbhliana ar fud na mBallstát, easpa scileanna teanga, freagrachtaí teaghlaigh na múinteoirí, agus deacrachtaí maidir le múinteoirí ionaid leordhóthanacha agus oiliúnóirí leordhóthanacha a eagrú. Ina theannta sin, ba iad acmhainní airgeadais neamhleora agus neamh-leordhóthanacht na ndeontas Erasmus na príomhbhacainní ar rannpháirtíocht sna cláir mhalartaithe Erasmus a bhí ann roimhe seo. Níos tábhachtaí fós, tá go leor tíortha AE thíos le ganntanas múinteoirí; is féidir rochtain chomhionann ar an tsoghluaisteacht foghlama a bhaint amach trína áirithiú go mbeidh go leor múinteoirí ann chun dul in ionad na múinteoirí sin a ghlacann páirt i gcláir soghluaisteachta, gné an-tábhachtach maidir le hoideachas ar ardchaighdeán a áirithiú.

([5]) (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

([6]) Thug na Ballstáit isteach roinnt cleachtais nuálacha chun an rochtain ar aitheantas scileanna a éascú do thairbhithe cosanta sealadaí tar éis Mholadh Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí daoine atá ar a dteitheadh ón Úcráin. Liostaítear cuid de na cleachtais sin sa mheasúnú a rinne an Coimisiún ar chur chun feidhme an mholta. Mar shampla, dhíolmhaigh an Bheilg, an Phortaingéil agus an Rómáin sealbhóirí Cosanta Sealadaí ó tháillí a íoc as an bpróiseas aitheantais. Ghlac an chuid is mó d'údaráis na mBallstát le modhanna eile cruthúnais freisin. Is féidir cleachtais den sórt sin a mhacasamhlú agus a uas-scálú.

([7]) IO C 228, 5.7.2019, lch 68.

An Bhruiséil, 25 Aibreán 2024.

An tUachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE